

An Bhruiséil, 26 Lúnasa 2026
(OR. en)

12326/26

ENFOPOL 282
JAI 1050

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	29 Iúil 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 408 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le cur chun feidhme Threoir (AE) 2019/1153 lena leagtar síos rialacha lena n-éascaítear úsáid faisnéise airgeadais agus faisnéise eile le haghaidh cionta coiriúla áirithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2000/642/CGB ón gComhairle, lena n-áirítear an measúnú ar an ngá atá leis an sainmhíniú ar fhaisnéis airgeadais a leathnú agus ar chomhréireacht an leathnaithe sin

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 408 final.

Faoi iamh: COM(2026) 408 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.7.2026
COM(2026) 408 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

maidir le cur chun feidhme Threoir (AE) 2019/1153 lena leagtar síos rialacha lena n-éascaítear úsáid faisnéise airgeadais agus faisnéise eile le haghaidh cionta coiriúla áirithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2000/642/CGB ón gComhairle, lena n-áirítear an measúnú ar an ngá atá leis an sainmhíniú ar fhaisnéis airgeadais a leathnú agus ar chomhréireacht an leathnaithe sin

1. RÉAMHRÁ

Treoir (AE) 2019/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha lena n-éascaítear úsáid faisnéise airgeadais agus faisnéise eile le haghaidh cionta coiriúla áirithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2000/642/CGB ón gComhairle ('an Treoir' anseo feasta), tháinig sí i bhfeidhm an 31 Iúil 2019. Bhí ar na 26 Bhallstát den Aontas Eorpach atá faoi cheangal ag an Treoir (i.e. gach Ballstát seachas an Danmhairg) na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin ba ghá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin 1 Lúnasa 2021.

Is é is cuspóir foriomlán don Treoir rochtain ar fhaisnéis airgeadais a éascú le haghaidh údaráis forfheidhmithe dlí¹, rud a rannchuidíonn leis na beartais is leithne i réimse an mhargaidh inmheánaigh agus na slándála chun sciúradh airgid agus gníomhaíochtaí coiriúla a chosc agus a chomhrac. Leagtar amach rialacha sa Treoir chun rochtain a sholáthar d'údaráis forfheidhmithe dlí ar na clárlanna láraithe cuntas bainc a bunaíodh in 2015 le Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² ('Treoir CSA is infheidhme faoi láthair' anseo feasta). Bunaítear léi freisin ceanglais chun an malartú faisnéise a éascú idir údaráis forfheidhmithe dlí agus Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais, ar leibhéal náisiúnta agus trasteorann araon, chomh maith le comhar na ngníomhaithe sin le Europol. Tá an rochtain agus na malartuithe faisnéise sin faoi réir sraith coimircí sonracha cosanta sonraí.

Déantar athbhreithniú sa tuarascáil seo ar chur chun feidhme na Treorach³, agus déantar measúnú ar thrasúí na Treorach sa dlí náisiúnta ag na Ballstáit. **Bíodh is go ndearnadh formhór na mBallstát an Treoir a thrasúí i gceart, is ann d'fhadhbanna áirithe i gcónaí.** An tráth céanna, agus prionsabal na tástála struis ar *acquis* an Aontais agus beartas simplithe agus laghdaithe ualaigh an Choimisiúin á gcur san áireamh, déantar measúnú sa tuarascáil ar na naisc idir an Treoir agus ionstraimí reachtacha eile ar leibhéal an Aontais.

Tá measúnú sa tuarascáil seo freisin ar an ngá atá ann an sainmhíniú ar fhaisnéis airgeadais atá sa Treoir a leathnú, agus ar chomhréireacht an leathnaithe sin. Ceanglaítear é sin le hAirteagal 21(3) den Treoir, lena gceanglaítear freisin ar an gCoimisiún togra reachtach a chur i láthair más iomchuí. Tá an measúnú bunaithe ar cheistneoirí a seoladh chuig cleachtóirí agus ar phlé le hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais agus le húdaráis forfheidhmithe dlí, agus léiríonn sé gur ann do roinnt dúshlán ó thaobh acmhainneacht údarás forfheidhmithe dlí chun faisnéis airgeadais a fháil agus a phróiseáil, ach léiríonn sé freisin roinnt feabhsuithe agus dea-chleachtas a rinneadh le déanaí a d'fhéadfadh cuidiú ó thaobh aghaidh a thabhairt ar chonstaicí atá ann cheana, gan a chur as an áireamh go bhféadfadh sé go nglacfaí bearta amach anseo – lena n-áirítear leathnú an tsainmhínithe ar fhaisnéis airgeadais – chun feabhas a chur ar chumas an lucht forfheidhmithe dlí *an t-airgead a leanúint*, cur chuige ina ndéantar iniúchadh ar idirbhearta airgeadais chun faisnéis nó fianaise ar choir, ar dhuine atá faoi dhrochamhras nó ar

¹ Cumhdaítear leis an Treoir údaráis atá inniúil ar chionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh atá ainmnithe ag na Ballstáit; d'fhéadfadh sé go gceimhdófaí údaráis chánach agus údaráis frithéillithe freisin a mhéid atá siad inniúil ar chúraimí den sórt sin de bhun an dlí náisiúnta.

² Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lgh. 73, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2015/849/oj>).

³ Airteagal 21(1) den Treoir.

líonra coiriúil a asbhaint, agus chun sócmhainní aindleathacha a shainaithint a bhféadfaí iad a reo agus a choigistiú.

Is fiú a shonrú gur cuireadh an Treoir chun feidhme i gcomhthéacs feabhsuithe breise ar chreat an Aontais in aghaidh sciúradh airgid agus maoiniú coiriúil, réimse a cuireadh i dtábhacht sa Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach ('ProtectEU')⁴. In 2024, ghlac na comhreachtóirí an **Séú Pacáiste chun an Sciúradh Airgid a Chomhrac**, lena n-áirítear Treoir (AE) 2024/1640 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an 'Treoir nua CSA' anseo feasta)⁵, Rialachán (AE) 2024/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶ agus cruthú Údaráis nua Aontais um Chomhrac an Sciúrtha Airgid⁷, **agus Treoir (AE) 2024/1260 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**⁸, a fhágfaidh go bhféadfar, i measc nithe eile, rachmas neamh-mhínte a choigistiú. Leasaíodh an Treoir an bhliain chéanna⁹ chun rochtain ar fhaisnéis cuntas bainc a sholáthar do na húdaráis thar theorainneacha. Ní thagann an leasú sin faoi raon feidhme na tuarascála seo ar chur chun feidhme¹⁰.

Nuair a bheidh sé curtha chun úsáide go hiomlán, éascóidh an creat dlíthiúil athchóirithe soláthar faisnéise airgeadais is fearr ó Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais agus cuirfidh sé feabhas ar acmhainneacht an lucht forfheidhmithe dlí, agus oifigí um aisghabháil sócmhainní, sócmhainní aindleathacha a rianú.

2. ANAILÍS AR THRASÚÍ NA TREORACH AG NA BALLSTÁIT

Déantar athbhreithniú sa roinn seo ar thrasúí na Treorach ag na Ballstáit sa dlí náisiúnta, agus déantar measúnú inti ar iomláine agus comhréireacht na ndlíthe agus na rialachán náisiúnta le ceanglais na Treorach.

2.1 Údaráis inniúla a ainmniú

De réir **Airteagal 3(1)** den Treoir, **ainmneoidh** gach Ballstát, as measc a chuid **údarás** atá inniúil ar chionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, na húdaráis inniúla **a bhfuil an chumhacht tugtha dóibh a chlárúil láráithe náisiúnta cuntas bainc a rochtain agus a chuardach**. Áireofar ar na húdaráis inniúla sin, ar a laghad, na hOifigí um

⁴ [EUR-Lex - 52025DC0148 - GA - EUR-Lex](#)

⁵ Treoir (AE) 2024/1640 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 maidir leis na sásraí atá le cur ar bun ag na Ballstáit chun cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha an sciúrtha airgid nó mhaoiniú na sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/849 (IO L, 2024/1640, 19.6.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1640/oj>).

⁶ Rialachán (AE) 2024/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha an sciúrtha airgid nó mhaoiniú na sceimhlitheoireachta (IO L, 2024/1624, 19.6.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1624/oj>).

⁷ Rialachán (AE) 2024/1620 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid agus um Chomhrac Mhaoiniú na Sceimhlitheoireachta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L, 2024/1620, 19.6.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1620/oj>).

⁸ Treoir (AE) 2024/1260 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní (IO L, 2024/1260, 2.5.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1260/oj>).

⁹ Treoir (AE) 2024/1654 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1153 a mhéid a bhaineann le rochtain ag údaráis inniúla ar chlárúil láráithe cuntas bainc tríd an gcóras idirnasctha agus trí bhearta teicniúla chun úsáid taifead idirbheart a éascú (IO L, 2024/1654, 19.6.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1654/oj>).

¹⁰ De bhun Airteagal 2 de Threoir 2024/1654, 'na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin 10 Iúil 2027'.

Aisghabháil Sócmhainní. De bhun **Airteagal 3(2)** den Treoir, ainmneoidh gach Ballstát, as measc a chuid údarás atá inniúil ar chionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, na húdaráis inniúla sin ar féidir leo faisnéis airgeadais nó anailís airgeadais a **iarraidh agus a fháil** ón Aonad um Fhaisnéis Airgeadais. Rinne gach ceann de na 26 Bhallstát lena mbaineann **Airteagal 3** den Treoir a **thrasú mar is ceart**. Tá liosta na n-údarás inniúil in aghaidh an Bhallstáit le fáil ar an leathanach [Sciúradh airgid – Imirce agus Gnóthaí Baile – an Coimisiún Eorpach](#)¹¹ agus san iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo.

2.2 Rochtain ag údaráis inniúla ar fhaisnéis cuntas bainc

De réir **Airteagal 4(1)** den Treoir, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ag na húdaráis inniúla náisiúnta arna n-ainmniú de bhun Airteagal 3(1) den Treoir an **chumhacht chun faisnéis cuntas bainc a rochtain agus a chuardach, go díreach agus go láithreach**, nuair is gá dóibh déanamh amhlaidh chun cion coiriúil tromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh nó chun tacú le himscrúdú coiriúil ar chion coiriúil tromchúiseach. Tá na **coinníollacha** d'údaráis inniúla chun faisnéis cuntas bainc a rochtain agus a chuardach le fáil in **Airteagal 5** den Treoir: is iad baill foirne a ainmníodh go sonrach agus a chomhlíonfaidh ardchaighdeán rúndachta, agus iad sin amháin, a dhéanfaidh cuardaigh sa chlárann láraithe cuntas bainc ar bhonn cás ar chás amháin, agus áiritheofar slándáil na sonraí trí bhearta teicniúla agus eagraíochtúla.

Ceanglaítear le h**Airteagal 6** den Treoir go gcoinneoidh na húdaráis a oibríonn na clárlanna cuntas bainc **logaí ar rochtain agus ar chuardaigh** ag údaráis inniúla, agus sonraítear ann inneachar íosta na logaí sin: an tagairt comhaid, dáta agus am an fhiosraithe nó an chuardaigh, an cineál sonraí a úsáideadh chun an fiosrú nó an cuardach a sheoladh, sainaitheantóir na dtorthaí, ainm an údaráis inniúil ainmnithe a bhreathnaigh ar an gclárann, agus sainaitheantóir an oifigigh a rinne an fiosrú nó an cuardach. Thairis sin, déanfaidh oifigigh cosanta sonraí na logaí a sheiceáil go tráthrialta, cuirfear na logaí ar fáil, arna iarraidh sin, don údarás maoirseachta inniúil náisiúnta, agus léirsciosfar iad 5 bliana tar éis a gcruthaithe.

Ar an iomlán, **áirithítear le trasú** na n**Airteagal** sin den Treoir ag na Ballstáit go mbíonn **rochtain thapa** ag údaráis inniúla ar **fhaisnéis cuntas bainc** agus slándáil na sonraí á ráthú san am céanna.

Ní dhearna roinnt Ballstát ceanglais áirithe a leagtar síos in Airteagal 5 a thrasú i gceart. Baineann sé sin go háirithe leis an gceanglas go gcoinneoidh na baill foirne ardchaighdeán maidir le rúndacht agus le cosaint sonraí, go mbeidh ardleibhéal ionracais acu agus go mbeidh na scileanna iomchuí acu, agus leis an gceanglas maidir le bearta teicniúla agus eagraíochtúla lena n-áirithítear slándáil na sonraí ar ardchaighdeán teicneolaíochta. Ba cheart a shonrú, áfach, go ndéanann roinnt Ballstát na ceanglais sin a chur i bhfeidhm sa chleachtas gan foráil dlí shonrach ina ndlí náisiúnta acu.

Coinníonn na Ballstáit uile lena mbaineann logaí chun faireachán a dhéanamh ar rochtain agus ar chuardaigh ar fhaisnéis cuntas bainc ag na húdaráis inniúla ainmnithe. Mar sin féin, is ann do roinnt fadhbanna comhlíontachta i gcónaí mar sin féin. In dhá chás, is iad na húdaráis a dhéanann an fhaisnéis a rochtain iad na comhlachtaí a choinníonn na logaí, seachas oibreoir na clárlainne láraithe náisiúnta cuntas bainc. I gcásanna áirithe, ní áirithítear leis na forálacha trasú go mbíonn an t-inneachar uile is gá sna logaí, nó bunaítear leo tréimhsí coinneála le haghaidh na logaí nach dtagann leis na 5 bliana is gá faoin Treoir.

¹¹ Nasc díreach: https://home-affairs.ec.europa.eu/competent-authorities-designated-pursuant-article-3-directive-eu-20191153_en

Ba cheart a shonrú go bhfuil na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 6 den Treoir níos sonraí ná na ceanglais ghinearálta ar údarais forfheidhmithe dlí chun sonraí pearsanta a phróiseáil mar a leagtar síos i dTreoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹², lena mbunaítear coimircí a thagann leis an rochtain ar fhaisnéis dá bhforáiltear sa Treoir. Na bearnaí sa trasú a shainaithnítear, is minic a bhaineann siad le gnéithe inar tugadh isteach leis an Treoir ceanglais atá níos sonraí ná iad sin a sholáthraítear le Treoir (AE) 2016/680. Mar shampla, cé go gceanglaítear le hAirteagal 25(1) den Treoir sin logaí *‘lena bhféadfar bonn cirt, dáta agus am na n-oibríochtaí sin a bhunú agus, a mhéid is féidir, aitheantas an duine a bhreathnaigh ar shonraí pearsanta nó a nocht an fhaisnéis sin’* a chur ar fáil don údarás maoirseachta arna iarraidh sin, téann Airteagal 6 den Treoir níos faide trína cheangal go ndéantar an t-aitheantóir uathúil, nó na torthaí, nó an tagairt comhaid náisiúnta a logáil, trí oibleagáid a chur ar hoifigigh cosanta sonraí le haghaidh na gclárlann láraithe cuntais bainc na logaí a sheiceáil go tráthrialta, agus trí thréimhsí coinneála sonracha a bhunú a léirscriosfar na logaí ina ndiaidh.

2.3 Malartú faisnéise idir údarais inniúla agus Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais go náisiúnta, agus idir údarais inniúla nó Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais go hidirnáisiúnta

Tá forálacha i gCaibidil III den Treoir (Airteagail 7 go 10) chun an comhar a éascú ar an leibhéal náisiúnta idir Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais agus údarais forfheidhmithe dlí, trína soláthraíonn Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais faisnéis agus anailísí airgeadais d’údarais forfheidhmithe dlí, agus soláthraíonn údarais forfheidhmithe dlí faisnéis forfheidhmithe dlí d’Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais. Déantar foráil leis na hAirteagail sin d’aistriú na faisnéise sin chuig Ballstáit eile, agus leagtar síos rialacha maidir leis an malartú faisnéise idir Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais i mBallstáit éagsúla agus maidir leis an malartú faisnéise a fhaigheann údarais forfheidhmithe dlí óna nAonaid um Fhaisnéis Airgeadais le húdarais forfheidhmithe dlí i mBallstáit eile.

2.3.1 Malartú faisnéise idir údarais inniúla agus Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais ar an leibhéal náisiúnta

Ceanglaítear le hAirteagal 7 den Treoir ar Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais dul i gcomhar lena n-údarais náisiúnta inniúla a ainmníodh de bhun Airteagal 3(2) den Treoir, arna iarraidh sin agus ar bhonn cás ar chás, trí **fhaisnéis airgeadais** atá ina seilbh acu cheana féin a sholáthar nó trí na **hanailísí airgeadais** a tháirgeann siad a sholáthar. Leagtar amach **coinníollacha** breise in Airteagal 7(2) agus (4) den Treoir lena rialaítear na malartuithe faisnéise sin: is faoin Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais i gcónaí an cinneadh an fhaisnéis a scaipeadh, agus féadfaidh sé diúltú d’iarraidh ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear an tionchar diúltach a d’fhéadfadh a bheith ar imscrúduithe nó anailísí atá ar siúl, díréireacht na hiarrata maidir le leasanna dlisteanacha duine nádúrtha nó duine dhlítheanaigh, nó neamhábharthacht na hiarrata. De réir Airteagal 7(3) den Treoir, ní mór d’Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais míniú a thabhairt ar aon diúltú maidir le hiarraidh ar fhaisnéis, agus aon úsáid den fhaisnéis sin chun críoch thar a formheasadh ar dtús, ní féidir sin a dhéanamh ach amháin faoi réir toiliú a fháil roimh ré ón Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais lena mbaineann.

Is ann do mhionbhearnaí i roinnt Ballstát: úsáideann aon Bhallstát amháin forálacha ginearálta maidir le comhar i measc údarais chun an t-airteagal sin a thrasú, tagraíonn Ballstát eile do

¹² Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 i ndáil le cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údarais inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2016/680/oj>).

mhaoiniú na sceimhlitheoireachta, sciúradh airgid agus cionta preideacáide seachas tagairt do raon feidhme na Treorach, i.e. cionta tromchúiseacha, ní chuireann Ballstát eile ar a chumas don Aonad um Fhaisnéis Airgeadais freagairt d'iarrataí ó gach údarás ainmnithe, rud a fhágann nach bhféadfadh sé ach freagairt d'iarrataí ó údaráis bhreithiúnacha. Is amhlaidh atá le haghaidh na gcoinníollacha breise lena rialaítear an malartú faisnéise, áit a bhfuil bearnaí ó thaobh trasuí de ag roinnt Ballstát i gcónaí.

De réir **Airteagal 8** den Treoir, ní mór do na Ballstáit a áirithiú go bhfreagraíonn a n-údaráis inniúla ainmnithe go tráthúil ar iarrataí ar **fhaisnéis forfheidhmithe dlí** arna ndéanamh ag an **Aonad náisiúnta um Fhaisnéis Airgeadais** ar bhonn cás ar chás, i gcás ina mbeidh an fhaisnéis sin riachtanach chun sciúradh airgid, cionta preideacáide gaolmhara agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath agus a chomhrac.

Chuir na **26 Bhallstát uile** lena mbaineann ar a gcumas dá nAonaid um Fhaisnéis Airgeadais freagra a thabhairt ar iarrataí ar **fhaisnéis nó ar anailísí airgeadais arna ndéanamh ag údaráis inniúla ainmnithe** agus chuir siad de cheangal ar na húdaráis sin freagra a thabhairt ar iarrataí ó Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais ar fhaisnéis forfheidhmithe dlí.

Ba cheart dhá ghné a chur i dtábhacht agus measúnú á dhéanamh ar chur i bhfeidhm Airteagail 7 agus 8 den Treoir sa chreat is leithne. Ar an gcéad dul síos, ó bhí 2024 ann, rialaítear leis an Treoir nua CSA go mionsonraithe na freagraí ar iarrataí ar fhaisnéis ó údaráis inniúla agus an rochtain ar fhaisnéis forfheidhmithe dlí, agus bunaítear prionsabail amhail neamhspleáchas na nAonad um Fhaisnéis Airgeadais chun faisnéis a scaipeadh agus rochtain dhíreach Aonad um Fhaisnéis Airgeadais ar fhaisnéis forfheidhmithe dlí a spreagadh¹³. Ní hamháin go dtéann an Treoir nua CSA níos faide ná an Treoir i gcásanna áirithe, ach ina theannta sin d'fhéadfadh sé go mbeadh ina toradh ar roinnt neamhréireachtaí agus forluití beaga leis na forálacha comhfhreagracha sa Treoir nua CSA agus sa Treoir éiginnteacht áirithe i gcur chun feidhme an dá ionstraime ag údaráis náisiúnta¹⁴. Ar an dara dul síos, mar a fhorbraítear níos mó san anailís i Roinn III den tuarascáil seo, bhunaigh cuid mhór Ballstát sásraí éifeachtacha le haghaidh an chomhair idir Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais agus údaráis forfheidhmithe dlí, mar shampla oifigigh idirchaidrimh a chur in áitreabh a chéile agus tascfhórsaí idirghníomhaíochta a chruthú a théann níos faide ná samhail na hiarrata agus an fhreagra a rialaítear sa Treoir.

2.3.2 Malartú faisnéise idir Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais de chuid Ballstáit éagsúla

¹³ Féach go háirithe Airteagal 21(1), pointe (c), den Treoir nua CSA, ina soláthraítear d'Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais rochtain dhíreach nó indíreach ar fhaisnéis forfheidhmithe dlí (agus soiléirítear in Airteagal 21(3) den Treoir sin 'nuair is féidir sin, go dtabharfar rochtain dhíreach don FIU' ar fhaisnéis den sórt sin), agus Airteagal 22 den Treoir sin, lena gcuirtear ar a gcumas d'Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais freagairt go tráthúil ar iarrataí réasúnaithe ar fhaisnéis a bhfuil bonn cirt leo mar gheall ar ábhair inní a bhaineann le sciúradh airgid, a chionta preideacáide nó maoiniú sceimhlitheoireachta ó shraith údarás.

¹⁴ Mar shampla, breithnítear sa Treoir nua CSA an fhéidearthacht de rochtain dhíreach ag an Aonad um Fhaisnéis Airgeadais ar fhaisnéis forfheidhmithe dlí (cé nach rialaítear ach rochtain arna hiarraidh sin le hAirteagal 8 den Treoir), cuireann an Treoir nua ar a chumas don Aonad um Fhaisnéis Airgeadais freagra a thabhairt ar údaráis phoiblí a bhfuil an fheidhm acu chun sciúradh airgid, a chionta preideacáide nó maoiniú sceimhlitheoireachta a iniúchadh nó a ionchúiseamh, nó a bhfuil an fheidhm acu chun sócmhainní coiriúla a rianú, a urghabháil nó a reo agus a choigistiú (cé nach gcuirtear ar a chumas don Aonad um Fhaisnéis Airgeadais le hAirteagal 7 den Treoir ach freagra a thabhairt ar údaráis ainmnithe), agus ceanglaítear leis an Treoir ar an údarás aiseolas a thabhairt don Aonad um Fhaisnéis Airgeadais, oibleagáid nach mbreithnítear sa Treoir.

Faoi **Airteagal 9** den Treoir, áiríteoidh na Ballstáit, i gcásanna eisceachtúla práinneacha, go bhfuil a nAonaid um Fhaisnéis Airgeadais i dteideal faisnéis airgeadais nó anailísí airgeadais a mhalartú a d'fhéadfadh a bheith ábhartha maidir le próiseáil nó anailísiú faisnéise a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht nó leis an gcoireacht eagraithe a bhfuil baint aici leis an sceimhlitheoireacht.

Rinne gach ceann de na 26 Bhallstát an ceanglas sin a thrasú i gceart. Sa chomhthéacs sin, ba cheart a shonrú, ó bhí mí na Bealtaine 2024 ann, go dtéann Airteagal 31(7) den Treoir nua CSA níos faide ná an ceanglas a leagtar síos in Airteagal 9 den Treoir trí cheangal ar Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais freagra a thabhairt ar iarraidh a chéile laistigh de 1 lá oibre amháin i gcásanna eisceachtúla agus práinneacha. Soláthraítear leis an oibleagáid nua sin soiléireacht níos mó maidir leis na hoibleagáidí ar Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais sna cásanna a rialaítear le hAirteagal 9 den Treoir, mar shampla trí sprioc-am 1 lae a shonrú chun faisnéis a sholáthar agus is leithne í ó thaobh raon feidhme de freisin mar níl sé teoranta don sceimhlitheoireacht ná don choireacht eagraithe a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht.

2.3.3 Malartú faisnéise idir údaráis inniúla de chuid Ballstáit éagsúla

Le hAirteagal 10(1) den Treoir, ceanglaítear ar na Ballstáit a chur ar a gcumas dá n-údaráis inniúla ainmnithe faisnéis airgeadais nó anailísí airgeadais a fhaightear óna nAonaid um Fhaisnéis Airgeadais a mhalartú le húdaráis inniúla ainmnithe de chuid Ballstáit eile, arna iarraidh sin agus ar bhonn cás ar chás. De réir na forála sin, úsáidfear an fhaisnéis sin chun na críche ar iarraidh nó ar soláthraíodh an fhaisnéis sin ina leith. Ní féidir an fhaisnéis sin a úsáid chun críoch eile nó ní féidir le húdaráis eile an fhaisnéis sin a úsáid ach amháin i gcás ina bhfuarthas toiliú roimh ré ón Aonad um Fhaisnéis Airgeadais a sholáthair an fhaisnéis.

D'áirithigh na Ballstáit gur féidir lena n-údaráis inniúla ainmnithe an fhaisnéis a sholáthraíonn a nAonad Faisnéise Airgeadais a mhalartú lena macasamhlacha i mBallstáit eile, agus is ann do líon beag bearnaí trasú i líon beag Ballstát i gcónaí. Mar shampla, cuireann an reachtaíocht i mBallstát amháin ar a chumas dá údarás inniúil ainmnithe sonraí pearsanta a mhalartú thar na Ballstáit, agus cumhdaítear ar bhealach leathan – gan í sin a lua go sainráite – faisnéis airgeadais nó anailís airgeadais. In dhá Bhallstát, rinneadh Airteagal 10 den Treoir a thrasú gan tagairtí sainráite do theorainn an chuspóra ná do thoiliú roimh ré. Mar sin féin, an teorainn leis an mbunchuspóir agus an toiliú roimh ré ón Aonad um Fhaisnéis Airgeadais a sholáthraíonn an fhaisnéis, cumhdaítear iad in Airteagal 34 den Treoir nua CSA. Ceadaítear leis an Airteagal sin d'Aonaid Faisnéise Airgeadais srianta nó teorainneacha áirithe a fhorchur ar úsáid na faisnéise a sholáthraíonn siad d'Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais i mBallstáit eile agus suitear go bhfuil toiliú roimh ré le tabhairt ag an Aonad sin um Fhaisnéis Airgeadais don Aonad um Fhaisnéis Airgeadais i mBallstát eile i gcás scaipeadh breise na faisnéise lena mbaineann. Tabharfar an toiliú sin go pras agus diúltófar dó in imthosca áirithe.

Is fiú a shonrú freisin gur *lex specialis* é Airteagal 34 den Treoir nua CSA maidir le Treoir (AE) 2023/977 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁵, ina leagtar amach cheana féin rialacha mionsonraithe eagraíochtúla agus nós imeachta chun malartú leordhóthanach agus éifeachtúil faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát a áirithiú, lena n-áirítear maidir le pointí teagmhála aonair agus teorainneacha ama soiléire a leagan síos maidir le faisnéis a

¹⁵ Treoir (AE) 2023/977 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 maidir le malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2006/960/CGB ón gComhairle (IO L 134, 22.5.2023, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2023/977/oj>).

mhalartú. Is é atá i gceist le stádas na Treorach mar *lex specialis* maidir le Treoir (AE) 2023/977 go bhfuil an malartú faisnéise agus anailísí airgeadais i measc údaráis forfheidhmithe dlí faoi réir sraith éagsúil rialacha i gcomparáid leis an gcineál faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (4) de Threoir (AE) 2023/977: in Airteagail 7 go 10 den Treoir, ní ann do theorainneacha ama chun a áirithiú go ndéanann Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais agus údaráis inniúla faisnéis nó anailísí airgeadais a mhalartú go pras thar theorainneacha, ná ní ann do rialacha chun a áirithiú go mbíonn na pointí teagmhála aonair ar an eolas faoi na malartuithe sin. Tá an éagsúlacht sin ag teacht salach ar a dtarlaíonn iarbhir mar is minic do na húdaráis, agus iad ag obair i gcomhar a chéile ar imscrúdú sonrach, a bheith ag comhroinnt faisnéis maidir le fíorais agus imthosca an chás idir lámha, agus níl i bhfaisnéis airgeadais ach cuid den tsraith sin leideanna agus fianaise. Maidir leis an tsraith ar leith rialacha sin chun faisnéis airgeadais seachas cineálacha eile faisnéise a chomhroinnt, d'fhéadfadh sé go mbeadh dúshláin phraiticiúla ag baint léi agus nach léireofaí léi cleachtais oibríochtúla fhorfheidhmiú an dlí.

2.4 Malartú faisnéise le Europol

Rialáiltear le Caibidil IV den Treoir an **malartú faisnéise ag lucht forfheidhmithe dlí agus Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais le Europol**. Ceanglaítear le hAirteagail 11 agus 12 den Treoir ar na Ballstáit a áirithiú go bhfuil a n-údaráis inniúla agus a nAonaid um Fhaisnéis Airgeadais i dteideal faisnéis cuntas bainc (i gcás údaráis inniúla) agus faisnéis nó anailísí airgeadais (i gcás Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais) a sholáthar do Europol, ar iarrataí cuí-réasúnaithe a fháil agus ar bhonn cás ar chás. Ceanglaítear le hAirteagal 12(3) den Treoir ar Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais míniú a thabhairt ar aon mhainneachtain iarraidh den sórt sin a chomhlíonadh. Ceanglaítear le h**Airteagal 13(1)** den Treoir go ndéantar na malartuithe faisnéise le Europol go leictreonach trí **SIENA** nó, i gcás inarb infheidhme, **FIU.Net**. Le h**Airteagal 14** de Treoir, déileáiltear le **ceanglais** cosanta sonraí do Europol, amhail próiseáil na faisnéise a fuarthas faoi Chaibidil IV den Treoir a theorannú do bhaill foirne a ainmnítear go sonrach agus oifigeach cosanta sonraí Europol a chur ar an eolas maidir le gach malartú.

Ar an iomlán, rinne na Ballstáit lena mbaineann na forálacha sin a thrasú i gceart, ach is ann do roinnt fadhbanna ó thaobh trasú de i gcónaí, amhail an easpa tagairtí sainráite do SIENA/FIU.Net nó do mhínithe na nAonad um Fhaisnéis Airgeadais ar an gcúis nár comhlíon siad iarraidh ó Europol. Mar sin féin, fiú sna Ballstáit sin nach bhfuil foráil shainráite acu, is iad SIENA agus FIU.Net an bealach réamhshocraithe cumarsáide idir Europol agus údaráis forfheidhmithe dlí agus Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais faoi seach. Mar a thaispeántar san anailís i Roinn 3 den tuarascáil seo, cuireadh feabhas ar rochtain Europol ar fhaisnéis cuntas bainc agus airgeadais de thoradh na bhforálacha sin.

2.5 Forálacha breise a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta agus faireachán

Tá forálacha breise i gCaibidil V den Treoir maidir le próiseáil sonraí pearsanta, agus rialaítear léi na malartuithe faisnéise idir Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais agus údaráis forfheidhmithe dlí, idir mhalartuithe náisiúnta agus trasteorann, agus idir Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais agus Europol, mar a shonraítear in Airteagal 15 ina leagtar amach raon feidhme fhorálacha na Caibidle V sin.

Ceanglaítear le hAirteagal 16 den Treoir go mbeidh **próiseáil sonraí pearsanta íogaire**, amhail faisnéis ina nochtar bunadh cine nó eitneach duine nó a thuairimí polaitiúla, faoi réir coimircí iomchuí agus go ndéanfar an phróiseáil sin **i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí is infheidhme**. Ina theannta sin, is iad baill foirne atá údaraithe ag an rialtóir a dhéanfaidh próiseáil ar na sonraí sin faoi threoir an oifigigh cosanta sonraí agus ní mór

sainoiliúint a chur orthu. An ceanglas sin gurb iad baill foirne údaraithe ar cuireadh sainoiliúint orthu, agus iad sin amháin, a dhéanann próiseáil ar shonraí pearsanta íogaire, **ní léirítear an ceanglas sin i gcónaí sa dlí náisiúnta**. D'fhéadfadh sé gurb ann do bhearnaí den sórt sin sa trasuí mar, cé go bhfuil foráil cheana féin i dTreoir (AE) 2016/680 a bhí ann roimh an Treoir maidir leis an gceanglas ginearálta chun foráil a dhéanamh maidir le coimircí iomchuí i bpróiseáil sonraí íogaire, ní thagraítear go sainráite sa Treoir sin do cheanglas den sórt sin le haghaidh baill foirne údaraithe ar cuireadh sainoiliúint orthu. Tá sé le sonrú nach leagtar síos ceanglas sonracha den sórt sin i nGníomhartha eile is úire den Aontas lena rialaítear malartuithe faisnéise atá cosúil leo siúd a leagtar síos sa Treoir. Is gá dá bhrí sin tionchar rialacha éagsúla ar údarais a mbíonn sonraí cosúla á láimhseáil acu a chur san áireamh, i.e. sraith amháin rialacha maidir le sonraí íogaire i gcásanna ginearálta agus sraith eile i gcás láimhseáil sonraí íogaire i gcomhthéacs faisnéis airgeadais nó i gcás ina mbíonn faisnéis á malartú ag Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais i gcásanna práinneacha a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht.

Ina theannta sin, **le hAirteagal 17 den Treoir, ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú, maidir le gach malartú faisnéise, go gcoinneofar taifid** ar ainm agus ar shonraí teagmhála na heagraíochta agus an oifigigh a d'iarr an fhaisnéis, ar an tagairt don chás náisiúnta, ar ábhar na hiarrata, agus ar aon bheart a rinneadh chun na hiarrataí sin a chur i gcrích. Ba cheart na taifid sin a choinneáil ar feadh 5 bliana agus cuirfear ar fáil iad don údarás maoirseachta náisiúnta arna iarraidh sin. **Thángthas ar roinnt fadhbanna maidir le trasuí na forála sin ag na Ballstáit**, amhail an easpa tagairt shainráite sa dlí don choinneáil taifead – fiú i gcás ina gcoinnítear taifid den sórt sin sa chleachtas – nó an teorainn ar na taifid i ndáil le malartuithe áirithe seachas malartuithe eile (e.g. i mBallstát amháin, ní thaifeadtar ach na hiarrataí a dhéanann an tAonad um Fhaisnéis Airgeadais, agus iad sin amháin).

Dealraíonn sé gur ann do na fadhbanna sin, i gcásanna áirithe, toisc go bhfuil na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 17 den Treoir **níos sonraí ná an creat ginearálta i ndáil le rialacha cosanta sonraí is infheidhme maidir le húdarais forfheidhmithe dlí**, nach gceanglaítear leo ach logaí a choinneáil i gcás ina mbíonn córais uathphróiseála in úsáid. Ina theannta sin, chun tuiscint níos fearr a fháil ar thionchar Airteagal 17 den Treoir, ní mór a chur san áireamh maidir leis na ceanglais a leagtar síos san Airteagal sin, go dtéann siad níos faide ná Gníomhartha eile is úire de chuid an Aontais lena rialaítear malartuithe faisnéise i measc údarás, amhail Treoir (AE) 2024/1260, an Treoir nua CSA, nó Treoir (AE) 2023/977, ina bhfuil ceanglais nach bhfuil chomh mionsonraithe céanna maidir le coinneáil taifead, rud a cheanglaíonn ar na Pointí Teagmhála Aonair córas leictreonach aonair um bainistiú cásanna a chur chun úsáide. I measc gnéithe eile, ba cheart a shoiléiriú cé acu a dhéanann nó nach ndéanann na córais bainistithe cásanna sin cuid de na malartuithe faisnéise dá dtagraítear sa Treoir a thaifeadadh cheana féin, a mhéid a chomhroinneann údarais forfheidhmithe dlí sonraí ar ghníomhaíochtaí airgeadais le chéile go minic i dteannta faisnéis ábhartha eile a bhaineann leis an imscrúdú.

Is gá a chur san áireamh freisin go gcruthaítear ualach riaracháin leis an gceanglas chun taifid a choinneáil a leagtar síos in Airteagal 17 den Treoir. Cumhdaítear leis na taifid atá le coinneáil na malartuithe i measc 26 Aonad um Fhaisnéis Airgeadais agus líon iomlán de thart ar 200 údarás inniúil ainmnithe, agus tá na céadta rannóg nó ranna i gcuid acu sin ar a seal – amhail údarais bhreithiúnacha nó forfheidhmithe dlí.

Ar deireadh, ceanglaítear le hAirteagal 19 den Treoir ar na Ballstáit a bhailiú agus a sholáthar don Choimisiún **staitisticí maidir leis an líon cuardach sa chlárann láraithe cuntas bainc**, sonraí lena dtomhaistear an líon iarrataí ar fhaisnéis a d'eisigh gach údarás faoin Treoir agus sonraí faoin ngníomhaíocht a rinneadh de bhun na n-iarrataí sin, faisnéis lena dtomhaistear an t-am freagartha ar iarrataí, agus sonraí lena dtomhaistear costas na n-acmhainní daonna nó na n-acmhainní teicneolaíochta faisnéise atá dírithe ar iarrataí intíre agus trasteorann.

Ar an iomlán, eascraíonn roinnt fadhbanna trasuí as forálacha na caibidle seo i gcónaí, agus is minic a bhaineann siad leis an idirghníomhaíocht idir ionstraimí reachtacha iomadúla. I roinnt cásanna, chonacthas an chomhlíontacht sa chleachtas, d'ainneoin na heaspa tagairtí sainráite sa dlí náisiúnta.

3. MEASÚNÚ AR AN nGÁ ATÁ ANN AN SAINMHÍNIÚ AR FHAISNÉIS AIRGEADAIS ATÁ SA TREOIR A LEATHNÚ, AGUS AR CHOMHRÉIREACHT AN LEATHNAITHE SIN

Tá measúnú sa roinn seo ar cibé acu atá nó nach bhfuil sé riachtanach agus comhréireach leathnú a dhéanamh ar an sainmhíniú ar fhaisnéis airgeadais atá sa Treoir agus, ar deireadh thiar, raon na faisnéise atá ar fáil d'údaráis forfheidhmithe dlí de bhun na Treorach.

Bunaítear le Treoir 2019/1153 córas faoina mbeidh sé ar a chumas don Aonad um Fhaisnéis Airgeadais i ngach Ballstát a sholáthar do shraith údarás inniúil ainmnithe, arna iarraidh sin, faisnéis airgeadais, a shainmhínítear mar 'aon chineál faisnéise nó sonraí, amhail sonraí maidir le sócmhainní airgeadais, gluaiseachtaí cistí nó gaolmhaireachtaí gnó airgeadais, a choimeádann AFAnna cheana féin'. Is féidir le húdaráis inniúla an fhaisnéis sin a chomhroinnt ansin lena macasamhlacha i mBallstáit eile. Le h**Airteagal 21(3)** den Treoir, **ceanglaítear** ar an gCoimisiún tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle **maidir lena riachtanaí agus a chomhréirí atá sé cur leis an sainmhíniú ar fhaisnéis** le go gcuimseofaí aon chineál **faisnéise nó sonraí atá ina seilbh ag údaráis phoiblí nó eintitis atá faoi oibleagáid agus atá ar fáil d'Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais gan bearta comhéigneacha a dhéanamh** faoin dlí náisiúnta.

Chun aghaidh a thabhairt ar an gceanglas sin, déantar measúnú sa roinn seo ar cibé acu is gá d'údaráis inniúla a bheith in ann an fhaisnéis atá i seilbh na nAonad um Fhaisnéis Airgeadais cheana féin, agus an fhaisnéis sin amháin, a fháil, nó ina theannta sin aon fhaisnéis ábhartha eile, e.g. ó chuideachtaí príobháideacha agus ó údaráis eile, go háirithe tríd an Aonad um Fhaisnéis Airgeadais.

Déanann an measúnú sin forbairt ar cheistneoirí a sheol an Coimisiún Eorpach amach chun tuairimí Aonad um Fhaisnéis Airgeadais agus údarás forfheidhmithe dlí a fháil, ar thug 16 Aonad um Fhaisnéis Airgeadais agus 19 ngníomhaireacht forfheidhmithe dlí in 13 Bhallstát freagra orthu, agus ar an bplé a rinneadh ag cruinniú i mí na Samhna 2024 le saineolaithe ar fhorfheidhmiú an dlí ó gach Ballstát chun féachaint ar conas iarrachtaí in aghaidh maoiniú coiriúil a neartú. Rinneadh plé ar thoradh an cheistneora ag Ardán AFA an Aontais i mí an Mheithimh 2025.

Ar an iomlán, léirítear leis an aiseolas ó pháirtithe leasmhara **go ndearnadh dul chun cinn nach beag le blianta beaga anuas in acmhainneacht an lucht forfheidhmithe dlí sonraí airgeadais a rochtain**. Is amhlaidh atá mar thoradh ar chur chun feidhme Threoir 2019/1153, agus go háirithe an rochtain dhíreach ar chláranna cuntas baine a thugtar don lucht forfheidhmithe dlí leis an Treoir. Tá sé ina thoradh freisin ar fheasacht is mó na mBallstát, as a dtagann méadú ar acmhainní, forbairtí teicniúla agus feabhas ar an gcomhar i measc údaráis náisiúnta. Is amhlaidh an cas deiridh sin go háirithe idir an lucht forfheidhmithe dlí agus Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais: is féidir leis na hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais uile faisnéis atá ina seilbh acu cheana féin a sholáthar d'údaráis inniúla arna iarraidh sin, go háirithe faisnéis a bhí curtha ar aghaidh cheana féin ag eintitis faoi oibleagáid chuig na hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais mar chuid dá ngníomhaíocht tuairiscithe agus ag Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais chomhpháirtíochta.

Tá an soláthar faisnéise sin faoi réir coinníollacha áirithe, agus go háirithe an fhéidearthacht atá ag an Aonad um Fhaisnéis Airgeadais, i gcomhréir le prionsabal an neamhspleáchais a chumhdaítear in Airteagal 33 agus 34 den Treoir nua CSA, diúltú d'iarraidh i gcomhréir leis an bhforas diúltaithe dá bhforáiltear sa Treoir agus teorainn a chur le húsáid na faisnéise a sholáthraítear 'chun críche faisnéise amháin', rud a chuireann as an áireamh go n-úsáidfí í mar fhianaise in imeachtaí coiriúla. Roinnt gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, agus iad ag tagairt an tráth sin d'airteagal 55 den Cheathrú Treoir maidir leis an Sciúradh Airgid a Chomhrac¹⁶, **thug siad le tuiscint gur bac ábhartha atá sa teorainn maidir leis an bhfaisnéis a úsáid chun críoch faisnéise amháin**¹⁷. Anuas ar a bheith in ann an fhaisnéis atá ina seilbh acu a chomhroinnt, leath na nAonad um Fhaisnéis Airgeadais a thug freagra ar an gceistneoir, chuir siad in iúl gur féidir leo freisin faisnéis ábhartha atá ina seilbh ag eintitis faoi oibleagáid nó údarais phoiblí eile a sholáthar don lucht forfheidhmithe dlí, i gcúrsa imeachtaí coiriúla agus le formheas breithiúnach den chuid is mó.

Anuas ar an loighic iarrata/freagra den Treoir, thagair cleachtóirí do chleachtais lasmuigh de raon feidhme na Treorach a mbeadh ról ríthábhachtach acu ó thaobh feabhas a chur ar an **gcomhar idirghníomhaíochta** le hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais, amhail oifigigh idirchaidrimh ó údarais forfheidhmithe dlí a chur in áitreabh an Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais agus a mhalairt, struchtúir comhair idirghníomhaíochta fhadtéarmaigh nó ad hoc, chomh maith le comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí. Leis na **samhlacha** éagsúla sin a forbraíodh le blianta beaga anuas, **is féidir malartú faisnéise a dhéanamh ar minice agus arb éifeachtaí é go minic ná freagraí simplí ar iarrataí ar fhaisnéis.**

Thuairiscigh Europol tairbhí móra freisin ó fhorálacha na Treorach lena gcuirtear ar a chumas dó faisnéis cuntas bainc agus faisnéis airgeadais a iarraidh ar údarais inniúla agus ar Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais, **agus rinneadh breis agus 160 iarraidh le linn 2023/2024 agus bhí ráta freagartha 75 % ann.** Bhí an fhaisnéis sin, agus í saibhríthe le cros-seiceálacha breise, fíor-riachtanach chun daoine ardphróifíle faoi dhrochamhras nach rabhthas ar an eolas fúthu roimhe sin a shainaithint, chun naisc faoi cheilt a nochtadh, chun scagchuarda airgeadais coiriúla a mhapáil, agus chun sócmhainní aindleathacha a reo agus a ghnóthú. An tráth céanna, feiceann Europol go bhfuil **moill áirithe ar na freagraí** i gcónaí, agus cuireann moill 50 lá ar fhreagraí ar an meán isteach ar a éifeachtaí atá imscrúduithe airgeadais trasteorann.

¹⁶ Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lgh. 73, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2015/849/oj>).

¹⁷ Is ann don teorainn sin, i measc cúiseanna eile, toisc go ndéileálann Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais leis an anailís ar fhíoras amhrasacha ach nach féidir leo go hiondúil a mheasúnú go bhfuil coireanna á ndéanamh nó déanta. Déantar an malartú ábhair fianaise ina dhiaidh sin trí bhíthin forfheidhmiú dlí ad hoc nó sásraí agus bealaí comhair bhreithiúnaigh. Féach *Mapping Exercise and Gap Analysis on FIUs' Powers and Obstacles for Obtaining and Exchanging Information* [Ceacht Mapála agus Anailís ar Bhearnaí maidir le Cumhachtaí AFAnna agus Bacainní ar Fháil agus ar Mhalartú Faisnéise] (2016) ó Ardán AE na nAonad um Fhaisnéis Airgeadais atá le fáil ar <https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/core/api/front/expertGroupAdditionalInfo/33583/download>.

Réitíodh fadhb chomhchosúil, a tháinig chun cinn maidir leis an malartú faisnéise cánach, tar éis theacht i bhfeidhm Threoir (AE) 2023/2226 ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais, ina bhforáiltear go bhféadfar an fhaisnéis sin 'a úsáid chun measúnú, riar agus forfheidhmiú a dhéanamh ar dhlí náisiúnta na mBallstát a bhaineann leis na cánacha dá dtagraítear in Airteagal 2 [...] agus chun an sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac' (Airteagal 16(1) den leagan comhdhlúite de Threoir 2011/16/AE).

Maidir leis na **dúshláin a bhaineann le faisnéis a fháil ó eintitis faoi oibleagáid**¹⁸, is ann do roinnt fadhbanna i gcónaí. Tagann cuid de na fadhbanna sin chun cinn le linn na céime bailithe faisnéise agus le linn imeachtaí coiriúla araon: agus méideanna móra sonraí airgeadais le próiseáil acu, thagair údarais don ghá atá le formáid choiteann i gcás na faisnéise a sholáthraíonn eintitis airgeadais d'údarais, réitigh theicneolaíochta chun faisnéis ó fhoinsí éagsúla a phróiseáil agus córais easpórtála/iompórtála chun iarraidh agus fáil faisnéise airgeadais trí bhealaí slána a uathoibriú.

De bhreis air sin, agus cás á chur le chéile acu, is iondúil nach féidir le húdarais forfheidhmithe dlí faisnéis a iarraidh go díreach ó eintitis faoi oibleagáid sa chéim réamh-imscrúdaitheach. I bhfianaise na ndeacrachtaí a chruthaítear leis sin do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, go háirithe i gcásanna amhail coireanna eacnamaíochta ina bhfuil an chonair airgeadais rithabhachtach chun a shuí cibé acu a rinneadh nó nach ndearnadh gníomhartha coiriúla, d'éiligh breis agus dhá thríán de na húdarais forfheidhmithe dlí a ndeachthas i gcomhairle leo an fhéidearthacht faisnéis a mhalartú go díreach le heintitis faoi oibleagáid ag céim luath de na himscrúduithe, chun dlús a chur leo den chuid is mó. An tráth céanna, b'fhearr le roinnt údarais forfheidhmithe dlí ról idirmheánach na nAonad um Fhaisnéis Airgeadais a choinneáil ar bun i malartuithe le heintitis faoi oibleagáid le linn na céime sin, ar an mbonn go n-áirithítear leis sin rúndacht imscrúduithe forfheidhmithe dlí.

Thairis sin, **maidir le cumhacht an lucht forfheidhmithe dlí faisnéis a lorg ó eintitis faoi oibleagáid, a mhéid atá an chumhacht sin teoranta d'imeachtaí coiriúla, tugtar le tuiscint leis sin gurb é an tOrdú Imscrúdaithe Eorpach (OIE) a úsáidtear chun faisnéis a mhalartú thar theorainneacha**¹⁹. Is dúshlán mór é sin dar le húdarais forfheidhmithe dlí áirithe: d'fhéadfadh sé go dtógfadh sé suas le 30 lá chun an tOrdú a aithint, ach bíonn airgead á aistriú thar theorainneacha ag coirpigh taobh istigh de roinnt nóiméad, nó roinnt soicindí fiú amháin. Os a choinne sin, roinnt Ballstáit inar féidir le húdarais forfheidhmithe dlí faisnéis a mhalartú go díreach le heintitis faoi oibleagáid ag céim luath den imscrúdú, chuir siad in iúl gur féidir leo faisnéis a mhalartú thar theorainneacha níos tapúla freisin. An tráth céanna, tá sé tábhachtach a mheabhruí maidir le teorannú na cumhachta sin don chéim imscrúdaitheach agus an ceangal i ndáil le húdarú breithiúnach i bhformhór na mBallstát, gur léiriú é sin ar a thábhachtaí atá sé an fhaisnéis íogair, mar atá sonraí ar idirbhearta airgeadais, a chosaint.

Dúshlán eile a luaitear go minic ó thaobh comhar le heintitis faoi oibleagáid de is ea **faisnéis faoi cripteashócmhainní a rochtain**. Chuir roinnt Ballstát i dtábhacht an easpa freagraí ar iarrataí an lucht forfheidhmithe dlí ó sholáthraithe seirbhíse cripteashócmhainní atá bunaithe i dtríú tíortha ach a sholáthraíonn seirbhísí laistigh den Aontas. Is fadhb mhór í sin ós rud é go mbíonn úsáid choiriúil á baint as an gcríptea-airgeadra mar mhodh íocaíochta i gcibearchoireanna ach, ina theannta sin, bíonn úsáid níos mó á baint as i réimsí coiriúlachta amhail gáinneáil ar dhrugaí nó smuigleáil imirceach²⁰. I measc na **ndea-chleachtas** a luaigh na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar chuid de na dúshláin sa chomhar le heintitis faoi oibleagáid, tá bunú comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí i measc eintitis faoi oibleagáid, Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais agus údarais inniúla, ina mbíonn sreabha dinimiciúla faisnéise

¹⁸ Eintitis atá faoi oibleagáid bearta iomchuí a dhéanamh chun na rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a shainaithint agus a mheasúnú de bhun na rialacha chun an sciúradh airgid a chomhrac, mar shampla institiúidí creidmheasa, institiúid airgeadais, gairmithe áirithe (e.g. nótaireí, dlíodóirí, iniúchóirí, cuntasóirí seachtracha, etc.), soláthraithe seirbhíse iontaobhais nó cuideachta, gníomhairí eastáit, trádálaithe, clubanna sacair, etc.

¹⁹ Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach a úsáid in imeachtaí in ábhair choiriúla (IO L 130, 1.5.2014, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2014/41/oj>).

²⁰ <https://www.europol.europa.eu/cms/sites/default/files/documents/EU-SOCTA-2025.pdf>

ag taisteal sa dá threo chun comhar is dlúithe agus is spriocdhírithe ar chásanna coinchréiteacha a chumasú. Cé go mbíonn cineál éigin comhair phoiblí-phríobháidigh le fáil i dtuairim is leath de na Ballstáit, i bhformhór na gcásanna tá an comhar sin teoranta do mhalartú tíopeolaíochtaí agus treochothaí. I gcás inar féidir faisnéis oibríochtúil a mhalartú faoi na comhpháirtíochtaí, is féidir leis na húdaráis agus le gníomhaithe airgeadais a bheith ag obair i gcomhar a chéile i dtimpeallacht shlán chun scéimeanna airgeadais aindleathacha a nochtadh agus cur isteach orthu, rud a sholáthraíonn faisnéis luachmhar le haghaidh imscrúdaitheoirí²¹.

Ar an iomlán, tá méadú tagtha ar acmhainneacht údarás forfheidhmithe dlí faisnéis airgeadais a fháil agus a phróiseáil, mar thoradh ar na feabhsuithe a tugadh isteach leis an Treoir chomh maith le forbairtí eile i réimse an chomhair phoiblí-phríobháidigh agus an chomhair idirghníomhaíochta. An tráth céanna, is ann do roinnt dúshlán i gcónaí, amhail na hacmhainneachtaí easnamhacha chun méideanna móra sonraí a phróiseáil, na bacainní ar údaráis faisnéis a mhalartú le heintitis faoi oibleagáid agus an cas á ullmhú, agus na dúshlán trasteorann, i bhfianaise a thapúla is féidir airgead a aistriú thar teorainneacha. Roinnt de na samhlacha a forbraíodh le blianta beaga anuas, go háirithe comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí, cuidíonn siad chun aghaidh a thabhairt ar na dúshlán sin, agus rannchuideoidh na hionstraimí reachtacha a glacadh le déanaí freisin, amhail na rialacha nua chun an sciúradh airgid a chomhrac agus Treoir (AE) 2024/1260, le rochtain níos fearr a thabhairt d'údaráis inniúla ar fhaisnéis airgeadais. I bhfianaise an ghá atá ann na tionscnaimh thábhachtacha sin a chur chun feidhme, **ní féidir teacht ar chonclúid faoi láthair maidir leis an ngá an sainmhíniú ar fhaisnéis airgeadais a leathnú agus comhréireacht an leathnaithe sin.**

4. CONCLÚID

Rannchuidigh Treoir 2019/1153 go mór le feabhas a chur ar acmhainneacht údarás forfheidhmithe dlí faisnéis airgeadais agus faisnéis eile a rochtain chun cionta coiriúla tromchúiseacha a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh. **Cé gur ann do bhearnaí áirithe i gcónaí agus gur cheart aghaidh a thabhairt orthu sin, rinne formhór na mBallstát an Treoir a thrasú ar bhealach a n-áiríonn comhlíontacht na n-aidhmeanna agus an leibhéal coimircí dá bhforáiltear sa Treoir.** Gan dochar d'aon ghníomh forfheidhmiúcháin a d'fhéadfaí a dhéanamh chun na sáruithe atá ann i gcónaí a leigheas, leanfaidh an Coimisiún de bheith ag obair leis na Ballstáit chun a áirithiú go ndéantar Treoir 2019/1153 a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Mar an chéad chéim, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh in 2026 lena áirithiú go soláthróidh eintitis airgeadais taifid ar idirbhearta i bhformáid choiteann ar fud an Aontais, rud atá á éileamh ag údaráis forfheidhmithe dlí le fada an lá, mar a cheanglaítear leis an leasú ar an Treoir a glacadh i mí na Bealtaine 2024²².

An tráth céanna, tá an Treoir ina cuid de bhosca uirlisí is leithne d'ionstraimí arb é is aidhm dóibh an sciúradh airgid agus maoiniú coiriúil a chomhrac, ar atreisíodh cuid de na hionstraimí sin le déanaí. I bhfianaise **bheartas simplithe agus laghdaithe ualaigh an Choimisiúin Eorpaigh**, cuirtear i láthair sa tuarascáil seo na naisc atá ag an Treoir leis na hionstraimí sin, agus le píosáí reachtaíochta eile, agus na himpleachtaí praiticiúla atá ag cuid d'fhorálacha na Teorach, chomh maith lena n-ábharthacht chun coimircí leormhaithe a áirithiú. Is féidir leis na torthaí sin a bheith ina mbonn le haghaidh plé breise le páirtithe leasmhara chun aghaidh a thabhairt ar chuid de na dúshlán i dtéarmaí an ualaigh riaracháin agus maidir le neamhréir a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí reachtacha eile.

²¹ [Policy-Summary-EFIPPP-Practical-Guide-operational-cooperation-1.pdf](#)

²² Airteagal 6a de Threoir (AE) 2019/1153.

Faoi dheireadh, tá sé róluath teacht ar chonclúid maidir leis an ngá an sainmhíniú ar fhaisnéis airgeadais a leathnú agus maidir le comhréireacht an leathnaithe sin. Cé is moite de na bearta a tugadh isteach leis an Treoir, tá tosca éagsúla fós ann a bhfuil tionchar acu ar chumas na n-údarás forfheidhmithe dlí faisnéis airgeadais atá fós le feabhsú a fháil agus a phróiseáil, amhail acmhainneacht fhorfheidhmiú an dlí méideanna móra sonraí a phróiseáil, úsáid comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí in imscrúduithe airgeadais nó malartú tapa trasteorann faisnéise. Thairis sin, níl méid iomlán na bhfeabhsuithe a tugadh isteach le reachtaíocht a rinneadh le déanaí maidir le himscrúduithe airgeadais tagtha chun cinn go fóill, ós rud é go bhfuil an reachtaíocht ábhartha fós á trasú nó á teacht i bhfeidhm.